### Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go neamhneofaí an Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 22 Meitheamh 2022 (Cás R 2107/2021-1).

### An chuid oibríochtúil

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear do Sanity Group GmBH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 408, 24.10.2022.

---

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 7 Meitheamh 2023 – Laboratorios Ern v EUIPO – BRM Extremities (BIOPLAN)

**(Cás T-543/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'BIOPLAN' – Focalmharc náisiúnta níos luaithe 'BIOPLAK' – Foras coibhneasta le diúltú – Éagmais cosúlachta idir na táirgí – Éagmais riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 261/50)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Laboratorios Ern, SA (Barcelona, an Spáinn) (ionadaí: S. Correa Rodríguez, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* BRM Extremities Srl (Milano, an Iodáil)

### Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 6 Meitheamh 2022 (Cás R 2147/2021-5) ar neamhní.

### An chuid Oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do gach páirtí a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 408, 24.10.2022.

---

## Caingean arna tabhairt an 26 Aibreán 2023 – WS v EUIPO

**(Cás T-221/23)**

(2023/C 261/51)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* WS (ionadaí: H. Tettenborn, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)